**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, an 11 Aibreán 2013 (18.04)**
**(OR. en)**

**5394/13**
**ADD1 REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2011/0156 (COD)**

**DENLEG 4**
**AGRI 20**
**SAN 17**
**OC 21**
**CODEC 94**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena leasaítear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún<br>**TREOIRLÍNTE COMHCHOITEANNA**<br>**Spriocdháta comhairliúcháin don Chróit: an 16 Aibreán 2013 16.4.2013**<br>*- Dréachtráiteas ar chúiseanna na Comhairle* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Rinne Coimisiún na hEorpa togra a thíolacadh an 24 Meitheamh 2011 le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bia a cheaptar lena úsáid do naíonáin agus do leanaí óga agus maidir le bia chun críocha speisialta míochaine[1] ar bhonn Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE" ina dhiaidh seo).

2. I gcomhréir le hAirteagal 114(1) de CFAE, thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta uaidh a thuairim an 26 Deireadh Fómhair 2011.[2]

3. Ag gníomhú di i gcomhréir le hAirteagal 294(3) de CFAE, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 14 Meitheamh 2012[3], agus 83 leasú ar an mbuntogra ón gCoimisiún á bhformheas aici.

4. I gcomhréir le hAirteagal 294(5) de (CFAE), ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh trí thromlach cáilithe an [...] 2013.

## II. CUSPÓIRÍ

5. Tá an Rialachán atá molta dírithe ar ionadú a dhéanamh ar Threoir 2009/39/EC maidir le bia-ábhair atá beartaithe le haghaidh úsáidí cothaitheacha speisialta[4] agus líon áirithe gníomhartha ón gCoimisiún lena gcuirtear an Treoir sin chun feidhme, agus deireadh á chur aige le coincheap bianna 'diaitéiteacha'.

   Foráiltear sa Rialachán le haghaidh forálacha nua ginearálta a bhaineann le líon de chatagóirí teoranta bia a mheastar a bheith bunriachtanach do ghrúpaí leochaileacha áirithe den daonra (bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin, bia chun críocha speisialta míochaine agus bia mar mhalartú iomlán ar aiste bia chun críocha meáchan a rialú) agus le haghaidh liosta substaintí de chuid an 'Aontais' (amhail vitimíní, mianraí agus substaintí áirithe eile) a d'fhéadfaí a chur leis na catagóirí bia dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán atá molta.

---

1 12099/11 (COM(2011) 353 final).
2 NAT/518 – CESE 1604/2011.
3 EP-PE_TC1-COD(2011)0156.
4 IO L 124, 20.5.2009, lch. 21.

Is é is aidhm dó an creat dlíthiúil a shoiléiriú tríd an bhforluí a sheachaint idir an reachtaíocht shonrach is infheidhme maidir le gnáthbhia, agus trí bhearnaí dlíthiúla faoin gcóras atá anois ann a iamh.

Is é is aidhm dó, fairis sin, a áirithiú go gcuirfear chun feidhme rialacha an AE maidir le bianna dá sórt ar an modh céanna i ngach Ballstát, a chuideoidh as a los sin le deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar ar mhaithe le tomhaltóirí agus táirgeoirí agus saobhadh a chosc ag an am céanna sa mhargadh inmheánach.[5]

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

6. Tugtar isteach leis an seasamh ón gComhairle roinnt athruithe i leith an togra ón gCoimisiún. Tá na hathruithe ag teacht leis na tuairimí a léirítear sa seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, a bheag nó a mhór, bíodh go bhfuil dréachtú difriúil ann.

7. Cuirtear san áireamh sa seasamh ón gComhairle na leasuithe substaintiúla go léir nach mór a mhol Parlaimint na hEorpa, go háirithe iad seo a leanas:

   a) maidir le scóip an Rialacháin atá molta:

      – cuimsiú na catagóire (malairt iomlán ar aiste bia chun meáchan a rialú) de bhianna faoi chuimsiú an Rialacháin atá molta (teideal, pointe (d) d'Airteagal 1(1), pointe (h) d'Airteagal 2(2) agus aithris 16 faoina chumhdaítear leasuithe 1,11,12,20,26,36,46);

---

[5] I láthair na huaire, féadfar bianna comhchosúla a mhargú i mBallstáit éagsúla mar bhia a cheaptar lena úsáid chun críocha cothaitheacha áirithe agus/nó mar bhia a cheaptar do ghnáthchaitheamh dírithe ar an bpobal go ginearálta nó ar roinnt foghrúpaí amhail mná atá ag iompar clainne, daoine níos aosta, leanaí atá ag fás, ógánaigh agus eile. Dá bhrí sin, baintear an bonn d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, cruthaítear neamhdheimhneacht dhlíthiúil d’údaráis, do tháirgeoirí agus do thomhaltóirí agus tá an baol ann go mbainfí mí-úsáid as mhargaíocht agus go ndéanfaí an iomaíocht a shaobhadh.

– an prionsabal a chuireann in iúl gur cheart go dtabharfaí an leibhéal cosanta céanna ar a laghad do dhaoine atá éadulangach ar ghlútan agus a fhaigheann siad faoin gcreat dlíthiúil atá anois ann (aithris 41); ba cheart na rialacha maidir le húsáid na "ráiteas saor ó ghlútan" a thabhairt anonn go dtí Rialachán (AE) Uimh 1169/2011 maidir le faisnéis faoi bhia a sholáthar do chustaiméirí[6] (leasuithe 1,11, 12, 20, 35, 44, 45, 70, 90);

– a thábhachtaí atá sé soiléiriú a dhéanamh ar stádas dlíthúil na ráiteas "saor ó lachtós" (aithris 42 faoina chumhdaítear leasuithe 25, 80 ); ba cheart rialacha maidir le húsáid ráiteas den sórt sin a bheith á rialú faoi Rialachán (AE) Uimh 1169/2011;

– an gá atá le tuarascálacha ón gCoimisiún chun a mheas an bhfuil forálacha riachtanach maidir le bia d'fhir spóirt (Airteagal 13 agus aithrisí 32, 33, faoina chumhdaítear leasú 6) agus maidir le deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhcosúla atá ceaptha do leanaí óga (Airteagal 12 agus aithris 31 a bhaineann le haithrisí 21, 81); ba cheart na tuarascálacha ón gCoimisiún a thíolacadh faoi bhun 2 bhliain tar éis an Rialachán atá molta a theacht i bhfeidhm;

– a rá go bhfuil 'ísealmheáchan breithe agus bianna do naíonáin réamh-théarma' faoi chuimsiú an Rialacháin atá molta, faoi mar a shoiléirítear é in aithrisí 29, 30 faoina chumhdaítear leasuithe 13, 34, 43, 92;

b) a rá go mba cheart go ndéanfaí substaintí atá díobhálach don tsláinte a eisiamh ó chomhdhéanamh na gcatagóirí bia dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán atá molta (aithris 3, faoina chumhdaítear leasú 3);

c) an gá atá ann leis an earnáil seo a rialú agus soiléiriú a thabhairt maidir le cé na táirgí a bhfuil an Rialachán atá molta infheidhme ina leith (leasú 4, a cumhdaíodh cheana féin le haithrisí 9 agus 13 den togra ón gCoimisiún agus a chumdaítear le haithris 10 freisin);

---

6 IO L 304, 22.11.2011, lch. 18.

d) níos mó béime a bheith ann ar an ngá atá le treoir theicniúil ón gCoimisiún trína bhféadfar comhlíonadh oibreoirí gnó bia a éascú, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), maidir leis an Rialachán atá molta (Airteagal 14 agus aithrisí 10, 34 faoina chumhdaítear leasuithe 8, 29, 30, 31, 72);

e) infheidhmeacht phrionsabal an réamhchúraim, dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos prionsabail ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia[7] maidir le bianna dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán atá molta (Airteagal 5 faoina chumhdaítear leasuithe 9, 10, 53, 64, 69);

f) an gá atá ann le hiarmhair lotnaidicíde a shrianadh a mhéid agus is féidir sna bianna a chumhdaítear leis an Rialachán atá molta (pointí (b) agus (g) d'Airteagal 11 (1) agus aithrisí 20, 21, 22 a bhaineann le leasuithe 15, 16, 17, 62, 63);

g) liosta substaintí an Aontais a bhunú, de réir mar a leagtar amach é san Innéacs a ghabhann leis an Rialachán atá molta, a fhéadfar a chur le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí bia dá dtagraítear in Airteagal 1 agus an fhéidearthacht atá ann chun é a nuashonrú trí ghníomhartha tarmligthe (Airteagal 1(2), Airteagail 15 agus 16, aithrisí 36, 37, 38, 39, agus Innéacs faoina chumhdaítear leasuithe 22, 24, 37, 87, 88, 89);

i) substaintí ina bhfuil nana-ábhair a ndearnadh innealtóireacht orthu a chur faoi réir modhanna tástála leordhóthanacha agus, dá bhrí sin, tagairt don sainmhíniú atá ar nana-ábhair a ndearnadh innealtóireacht orthu a chuimsiú i Rialachán (AE) 1169/2011 (Airteagal 9(2) agus pointe (b) d'Airteagal 2(1) agus aithris 23 faoina chumhdaítear leasuithe 23, 41, 87)

j) maidir le tarmligean na gcumhachtaí, mar atá:

– oiriúnaithe ar na sainmhínithe (Airteagal 2(3) den togra ón gCoimisiún arna scriosadh le leasú 48) a eisiamh ó na cumhachtaí a bhronnfar ar an gCoimisiún toisc go measann an dá institiúid gur eilimintí bunriachtanacha iad den Rialachán atá molta, dá bhrí sin ní fhéadfaí na hathruithe a dhéanamh ach amháin tríd an ngnáthnós imeachta reachtach;

7 IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

– an nós imeachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh (Airteagal 18 faoina chumhdaítear leasú 77) agus an liosta de ghníomhartha tarmligthe a ghlacfar (Airteagal 18 faoina chumhdaítear leasuithe 78 agus 79 agus aithrisí 39 faoina chumhdaítear leasú 22).

k) a rá nár cheart go sannfaí airíonna do bhia lena maítear galair dhaonna a chosc, a chóireáil nó a leigheas (Airteagal 9(5) agus aithris 25 faoina chumhdaítear leasú 58) de bharr an lipéadú, an cur i láthair agus an fhógraíocht a dhéantar i leith an bhia;

l) a thábhachtaí agus atá an 'cothú leis an gcíoch' agus d'fhonn gan í a dhímholadh, an cosc ar phictiúirí de naíonáin i lipéadú, i gcur i láthair agus i bhfógraíocht bhainne foirmle do naíonáin a thabhairt anonn freisin ar lipéadú a bhaineann le bainne foirmle leantach do naíonáin (Airteagal 10 agus aithris 26 faoina chumhdaítear leasú 59);

m) soláthrófar do ghairmithe atá freagrach as cúram sláinte an fhaisnéis a bhaineann leis na bianna dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán atá molta (Airteagal 9(6) faoina chumhdaítear leasú 60);

n) an fhaisnéis a sholáthrófar maidir le moltaí i gcomhair úsáid iomchuí an bhia (leasú 67, arna chumhdach cheana ag Airteagal 9(5).

8. Ionchorpraítear freisin sa seasamh ón gComhairle leasuithe 19, 39, 40, 49 (an dara cuid), 51, 52, ar leasuithe de chineál teicniúla agus eagarthóireachta iad agus arb aidhm dóibh soiléiréireacht an téacs a fheabhsú.

9. Tugtar isteach, fairis sin, leis an seasamh ón gComhairle an deis don gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun cinneadh a dhéanamh cé acu an gcuimsítear bia ar leith faoi raon feidhme an Rialacháin atá molta nó nach gcuimsítear agus cén chatagóir bia faoin raon feidhme sin a mbaineann sé léi (Airteagal 3 agus aithris 40).

10. Ní chuimsítear roinnt leasuithe a moladh i seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh i seasamh na Comhairle, áfach, mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

a) Leasú 2 arb aidhm dó béim speisialta a leagan ar shábháilteacht an bhia dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán atá molta, toisc nach bhfuil an Rialachán atá molta teoranta do shábháilteacht bia. Ba cheart, dá mb'fhéidir in aon chor é, é a chur i gcomhthéacs shaorghluaiseacht bia atá slán agus folláin, de réir mar a mhol an Coimisiún.

b) Leasú 5 maidir le rannchuidiú an Aontais i gcleachtais iomchuí a chur chun feidhme le haghaidh ionadaigh do bhainne cíche a bheith á margú i dtríú tíortha ag monaróirí Comhphobalbhunaithe, toisc nach leor agus nach beacht ar fad an tagairt don Mholadh ón gComhairle den 18 Meitheamh 1992. Is amhlaidh a chuimsítear i Rialachán (AE) Uimh 178/2002 seasamh níos úrnua agus níos sainiúla ó na comhreachtóirí maidir le hoibleagáidí oibreoirí gnó bia i ndáil le bia a allmharaítear isteach san Aontas agus i ndáil le bia a onnmharaítear amach as an Aontas.

c) Leasú 7 maidir leis an mbia a thógfaidh daoine a bhfuil neamhoird mheitibileachta carbaihiodráití ('diaibéiteas') orthu, rud nach mbaineann le comhthéacs, toisc nach gcumhdaítear 'diaibéiteas' go speisialta mar ghalar leis an Rialachán atá molta.

d) Leasú 18 maidir le hinfheidhmeacht Rialacháin (AE) 178/2002, leasuithe 27,28, agus 54 maidir le maoirseacht, leasú 49 (cuid 1) ina dtagraítear do na forálacha ginearálta allmhairiú agus onnmhairiú atá infheidhme maidir le bia agus leasú 68 maidir le faireachán iarmhargaidh, toisc go bhfuil an reachtaíocht atá i bhfeidhm athráite iontu.

e) Leasuithe 50 agus 91, lena soláthraítear údarú sealadach tríd an nós imeachta (gasta) céanna agus a rá go mbeadh ualach neamhriachtanach breise riaracháin ag gabháil leis an údarú neamhshonrach. Fairis sin, tarmligtear an chumhacht don gCoimisiún chun na ceanglais atá infheidhme maidir leis an mbia dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán atá molta a nuashonrú go rialta d'fhonn gur féidir le custaiméirí tairbhe ghasta a bhaint as dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, go háirithe i ndáil le táirgí núalaíocha (Airteagal 11(2) agus aithris 27).

f) Leasuithe 47 maidir le catagóirí bia chun críocha speisialta míochaine, leasú 61 maidir leis na heilimintí a thabharfar ar aird chun críocha faireacháin agus leasuithe 71 agus 82 lena sainítear na sainmhínithe ar bhia beagchalraí agus bia fíor-bheagchalraí, atá ró-mhionsonraíoch le go gcuimsoefaí iad i gcomhthéacs ghnímh bhunúsaigh agus ar cheart ina ionad sin dul i ngleic leo trí ghníomhartha tarmligthe.

g) Leasú 56 maidir le tagairtí faoi chosc a chur ar lipéadú ar bhia le haghaidh 'gnáthchaitheamh', nach bhfuil infheidhme a thuilleadh, toisc gur cuireadh deireadh san athbhreithniú reatha leis an idirdhealú idir "bia diaitéiteach" agus "bia le haghaidh gnáthchaithimh".

h) Leasú 66, toisc nach féidir na rialacha atá i bhfeidhm a aistriú go huathoibríoch go dtí gníomhartha tarmligthe i gcomhthéacs chreata nua reachtaigh.

i) Leasuithe 75 agus 76 maidir le faisnéis a bhaineann le hiarratais, toisc gur cuireadh ó fheidhm iad trí na hathruithe sa téas dlíthiúil.

Diúltaíodh do leasuithe 14, 33, 38, 55 agus 57 freisin de bharr nach raibh aon athrú substaintiúil sa téacs.